Cuid 11 Dearadh Faichilleach Timpeallachta

Tá laghdú ar thionchar diúltach timpeallachta de thoradh thógáil tithe nua-aimseartha ina chuid thábhachtach de Dhearadh le Tionchar Íseal. Is féidir tionchar ar an timpeallacht a laghdú má chaitear am agus machnamh sna chéad chéimeanna den fhorbairt agus is féidir fosta costaisí fadtéarmacha pearsanta, cosúil le costas teasa, a laghdú.

Tá comhairle saor in aisce ar fáil ó Ghníomhaíocht Fuinnimh an Chomhairle, eolas faoi dhearadh éifeachta fuinnimh agus leagan amach suímh.

Déan Teagmháil le :

Donegal Energy Action Team,
Comhairle Chontae Dhún na nGall,
Ionad na dTrí nAbhann,
Leifear,
Co Dhún na nGall.

Fón: 074 9172471
Faics: 074 9141367
Ephost : deat@donegalcoco.ie

Tá sé mar aidhm ag an Chomhairle úsáid ábhair agus modhanna tógála atá ag teacht leis an timpeallacht a mholadh agus a spreagadh i ngach forbairt úr sa Chonte.

Ba cheart d'ailtirí sainiúla tabhairt faoi dhearadh atá éifeachtach ó thaobh fuinnimh, go háirithe, éic-ailtireacht. Is féidir le hInstitiúid Ríoga Ailtireachta na hÉireann mionsonraí a chur ar fáil.

11.1 Insliú agus Sábháil Fuinnimh

- Is dócha gurb é insliú do theach cónaithe an modh is tábhachtaí, is saoire, agus is simplí le tionchar timpeallachta an tí a laghdú..
- Is féidir tithe a théadh le beagán breosla má chuirtear cosc le héalú teasa amach as an fhoirgneamh.
- Cinntíonn insliú maith timpeallacht chónaithe chompordach agus éifeachtach ó thaobh costas.
- Tá tionchar ar an timpeallacht maolaithe trí laghdú ar astaíochta agus teas a choinneáil san fhoirgneamh.
- Ba cheart gach cuas balla, gach urlár, agus spás áiléir a bheith inslithe agus aerobach le cailliúint teasa a laghdú.
- Ba cheart go mbeadh doirse agus fuinneoga inslithe go maith agus séalaithe i gcoinne siorraidh. Ba cheart an grádú U is ísle a bheith ag an ghloine.
- Ba cheart cosc a chur ar shiorradh as áiteacha eile – poll litreach, idir chláir urláir, thart faoi chláir sciorta, as oscailtí chuig an áiléar, idir giarsaí agus ballaí seachtracha agus as na pointí ag a bhfuil píopaí na seirbhísí éagsúla ag teacht tríd na ballaí.
- Ba cheart go mbeadh insliú ar gach gaileadán, aonad stórais agus píopaí uisce te; fanfaidh an r-uisce níos teo ar feadh níos mó ama agus beidh sábháil fuinnimh agus airgid.
- Ba cheart insliú a bheith ar thaobhanna agus ar bharr umair stórais an uisce fhuar ach an t-íochtar gan insliú chun go n-ardóidh teas an tí teocht an uisce.
- Tá cineálacha éagsúla ábhair inslithe ar fail: cláir chothrom, coirníní agus snáithíní caidéalaithe, rollaí snáithín, olann caorach, cnáib. Tá an rogha leathan agus go leor eolais ar fáil chun theacht ar an rogha is fearr duit.
- Tá tithe le fráma adhmaid - ábhar in-athnuaite - á dtógáil; coinníonn an t-adhmad an teas, agus is féidir fosta iad a thógáil níos gaiste na tithe bloic.
- Bain úsáid as bolgáin solais CFL, nach n-úsáideann ach 1/5 den fhuinneamh a úsáideann ghnáth bholgáin agus a mhaireann suas le deich n-uaire chomh fada.
- Cuir comhla teirmeastatach ar gach raiditheoir, a cheadaíonn duit teocht compordach a roghnú, agus ídiú fuinnimh a laghdú. Cuideoidh scragall frithchaiteach taobh thiar de na raiditheoirí teas a chaitheamh ar ais isteach sa seomra.
- Ná déan dearmad soilse a chur as san oíche, agus plugaí trealaimh leictreachais a tharraingt amach as na soicéid; is féidir laghdú de suas go 25% a bhaint amach ar an bhille leictreachais!

11.2 Táirgeadh Teasa agus Fuinnimh

- Smaoinigh go cúramach faoi roghanna córais teasa don teach. Níl ach éifeacht de 15%-30% ag tine oscailte, nó ag mórán tinte gáis, le cailliúint de suas go 85% ag imeacht suas an simléar.

- Tá éifeacht de suas le 90% ag córas teasa lárnach.

11.3 Fuinneamh na Gréine

- Tá níos mó úsáide a bhaint as fuinneamh saor in aisce na gréine mar fhoinse fuinnimh sa teach.

- Laghdaíonn fuinneamh ón ghrian ar an ghá le dó breosla a chuireann truailliú san aer; laghdaítear úsáid leictreachais; tá fuinneamh ón ghrian glan, sábháilte agus gan dochar don timpeallacht.

- Teas Folaigh Gréine: Suíomh an tí a shocrú, ionas go bhfuil fuinneoga na bpríomh sheomraí ag amharc ó dheas; téitear na seomraí seo le teas na gréine le linn an lae i rith na bliana. Is féidir le mais teirmeach sna seomraí seo teas na gréine a shú isteach agus a stóraíl i rith an lae agus an teas a ligint amach de réir a chéile sa tráthnóna; is féidir laghdú de 30% ar chostas teasa a bhaint amach.

- Teas Gníomhach Gréine: Is féidir laghdú de 60% de riachtanais uisce te teaghlaigh a fháil ó Phainéil Teasa Gréine ar dhíon dírithe ó dheas. Is féidir leictreachas a ghiniúint le painéil níos mó. Is féidir painéil a chur ar dhíonta dírithe ar threo eile, ach ní bheidh oiread buntáiste astu. Is féidir costas an trealaimh a shábháil in am ghairid.

11.4 Córais Malartacha

- Is féidir le caidéil geoteirmeach teas faoi thalamh ar an suíomh a aistriú agus is féidr na caidéil a úsáid ar roinnt dóigheanna:

  - Leagan amach cothrománach éadomhain - leagtar píopaí síos tuairim is slat faoi thalamh, ar nós chórais teasa faoi urláir.
  - Is féidir úsáid a bhaint as foinsí uisce - srutháin, locháin nó lochanna, uiscíoch d'ardtáirgeacht, nó fiú foinse leanúnach d'fhuíolluisce.
  - Poill tóraíochta ar shuímh nach bhfuil mórán achair talaimh iontu agus gan foinse uisce oiriúnach; cuirtear na píopaí malartú teasa sa talamh go hingearach.

- Gineann tuirbíní gaoithe leictreachas, ar féidir é a úsáid. Caithfear a bheith cúramach le suíomh tuirbiní, le buntáiste iomlán a fháil, ach gan cur isteach ar tharraingteacht áite ná ar an gcomharsanacht.

- Is féidir bithbhreosla mar chrainn saileog agus sliseanna adhmaid agus soirn shimplí dó adhmaid a úsáid le teas tí a chur ar fáil. Tá an t-adhmad agus an bithbhreosla in-athnuaite agus súnn siad isteach níos mó carbóin ag fás ná mar a scaoiltear saor lena ndó.

- Laghdáitear an méid carbóin a scaoiltear saor má mheasctar adhmad le gual nó le hábhair eile i dtine oscailte. D'fhéadfadh daoine le píosa talaimh a gcuid breosla féin a fhás!

- Tá sé tábhachtach go ndéanfaí staidéar chúramach sula gcuirfí isteach aon chóras teasa, chun féidearthacht eacnamaíoch agus timpeallachta an chórais a scrúdú.

11.5 Caomhnú

- Ta córais ar fáil a bhailíonn agus a stórálann uisce fearthainne, ar féidir á úsáid fá choinne an ghairdín, níocháin, glantúcháin agus sa leithreas, ag sábháil 50% ar úsáid sholáthair uisce glan. Le breis cóireála, is féidir an t-uisce seo a úsáid mar fhoinse uisce le hól

- Is féidir sraith ghiolcach a úsáid le feabhas a chur ar chórais cóireála séarachais, ag caomhnú caighdeán ithreach agus ag laghdú truaillithe ar fhoinsí uisce. Bheadh achar 3m x 4m ag teastáil le sraith ghiolcach do 6 duine. Fásann na giolcaigh arda ar fho-shraith de ghairbéal – an scagaire, agus tá spás breise de dhíth don ghlanú deireanach ar an eisilt. D'fhéadfaí an lusarnach a ghlanadh amach in am ghairid – thart fá 5 uaire ama sa bhliain - agus an dríodar a ghlanadh amach gach dara bliain.

11.6 Dramhaíl

- Laghdaigh an méid dramhaíola tí agus tiocfaidh laghdú ar an méid atá le cur sna hionaid dramhaíola. Beidh airgead a shábháil agat ar chostais bailiúcháin.

- Is féidir laghdú de 85% a dhéanamh ar an méid dramhaíola le bailiú, má déantar athchúrsáil ar ábhair oiriúnacha agus múirín a dhéanamh as ábhar orgánach. Tá barraillí múiríne ar fáil anois ag gach Ionad Seirbhísí Pobail an Chomhairle.